

EUROPEAN CENTRE FOR DISEASE PREVENTION AND CONTROL

# Sláinte a Chosaint san Eoraip: Ár bhfís don todhchaí

Spriocanna agus straitéisí an ECDC do 2007-2013

www.ecdc.europa.eu

Creidiúintí grianghraif
Gach grianghraf © ECDC, seachas:
Tulchlúdach © stockbyte; l. 2 © CDC. Courtesy of Cynthia Goldsmith;
Jacqueline Katz; Sherif R. Zaki
leathanach 4 © stockxpert.com
leathanach 5 © stockxpert.com
leathanach 6 © CDC
leathanach 8, clé © US National Museum of Health and Medicine
leathanach 9 © CDC
leathanach 14, deas © istockphoto.com
leathanach 16, clé © Photodisc
leathanach 16, deas © CDC. Courtesy of Dr Edwin P Ewing, Jr

© Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, 2009.

ISBN 978-92-9193-133-0
doi:10.2900/20885

Tá atáirgeadh údaraithe nuair a léirítear an fhoinse. Tá gach grianghraf san fhoilseachán seo faoi chóipcheart agus ní féidir iad a úsáid ar mhaithe le rud ar bith taobh amuigh den fhoilseachán seo gan cead sainráite shealbhóir an chóipchirt.

Fógra Tábhachtach:
Is ar mhaithe le faisnéis amháin an doiciméad seo. Is achoimre *Sláinte a Chosaint san Eoraip: Ár bhFís don Todhchaí* ar na heochairphointí atá in *Strategic Multi-Annual Programme for 2007-2013* [Clár Straitéiseach Ilbhliantúil do 2007-2013] de chuid an ECDC, achoimre a bheadh sothuigthe ag gnáth lucht éisteachta. Rinneamar iarracht spiorad an doiciméid bhunaigh a thabhairt linn, ach tharlódh gur fágadh pointí caolchúiseacha tábhachtacha éigin ar lár san achoimriú. Má theastaíonn ó léitheoirí ráiteas údarásach a fheiceáil maidir le straitéis agus spriocanna an ECDC, ba chóir dóibh féachaint ar an téacs iomlán in Strategic Multi-Annual Programme for 2007-2013 [Clár Straitéiseach Ilbhliantúil do 2007-2013]. Tá sé seo ar fáil ar líne ag:
http://ecdc.europa.eu/About_us/Key_Documents.html

# **Sláinte a Chosaint san Eoraip:** Ár bhfís don todhchaí

Spriocanna agus straitéisí an ECDC do 2007-2013

## Ábhair


Brollach – Gníomhaíocht an AE i gcoinne galar tógálach ........ 3

Réamhrá ........ 4

Bagairtí ó ghalair thógálacha ........ 5

Tosca a mhúnlaíonn an baol san AE i láthair na huaire ó ghalair tógálacha........ 6

Spriocanna agus Bearta - Plean Straitéiseach an ECDC do 2007-2013 ........ 8

Grúpa 1: Cruthú eolais ........ 10

Grúpa 2: Ag neartú feidhmeanna um shláinte phoiblí ........ 12

Grúpa 3: Comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus a chothabháil ........15

Conclúid ........ 16



***Baineann ár bhFís le hAontas Eorpach ina mbaineann na saoránaigh uile leas as an gcosaint is fearr ó ghalair thógálacha atá ceadaithe faoi réir na bearta cosanta agus rialaithe is déanaí.***

***Zsuzsanna Jakab, Stiúrthóir an ECDC***



# Brollach – Gníomhaíocht an AE i gcoinne galar tógálach

**Ní raibh an domhan riamh chomh comhcheangailte agus atá sé sa lá atá inniu ann. Téann na milliúin daoine agus na tonnaí bia trasna teorainneacha gach lá. Ar ghnáthoíche in óstán mór i gcathair Eorpach gheobhaidh tú aíonna ó dhosaen tíortha nó níos mó. Mar a léirigh an géarshiondróm trom riospráide (SARS) i 2003, is féidir le ráigeanna de ghalair thógálacha scaipeadh go hidirnáisiúnta ar luasanna nach bhfacthas riamh cheana.**

Maidir leis na huirlisí atá ar fáil sa 21ú haois chun ráigeanna de ghalair a aithint agus a chosc, is é an dea-scéal ná go bhfuil siad níos fearr ná mar a bhí riamh. Is é an dúshlán ná a áirithiú go mbainimid úsáid éifeachtúil astu. Bunaíodh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) sa bhliain 2005 chun cuidiú leis an Aontas Eorpach (AE) agus lena mBallstáit dul i ngleic leis an dúshlán seo. Is é an sainordú atá againn ná dul i gcomhar le húdaráis sláinte ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE chun chomhoibriú a éascú agus chun an bonn fianaise a sholáthar atá ag teastáil le haghaidh gníomhaíochta éifeachtúla.

Ach tá líon mór galar tógálach a fhéadfadh sláinte an duine san AE a chur i mbaol. Tá acmhainní an ECDC teoranta, agus dá bhrí sin is gá roghanna a dhéanamh maidir le tosaíochtaí. Cad iad na heochairbhearta is féidir linn a ghlacadh ag leibhéal an AE a dhéanfaidh difríocht maidir le sláinte an duine a chosaint? Cad iad na galair is mó is cóir dúinn a bheith buartha fúthu?

Sa bhliain 2007 cheadaigh ár mBord Bainistíochta *Clár Straitéiseach Ilbhliantúil* don ECDC a rinne iarracht na ceisteanna seo a fhreagairt. Bunaíodh an Clár ar anailís ar na heochairbhagairtí don Eoraip ó ghalair thógálacha, agus d'aithin sé limistéir ina bhféadfadh an ECDC luach breise a chur le gníomhaíochtaí a bhí ar siúl cheana ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE. Tá an Clár seo ina léarscáil bhóithre dúinn maidir lenar gcuid oibre go dtí an bhliain 2013.

Is achoimre *Sláinte a Chosaint san Eoraip: Ár bhFís don Todhchaí* ar na heochairphointí atá in *Strategic Multi-Annual Programme for 2007-2013* [Clár Straitéiseach Ilbhliantúil do 2007-2013] de chuid an ECDC, achoimre a bheadh sothuigthe ag gnáth lucht éisteachta. Tá súil agam go bhfaighidh tú suimiúil agus faisnéiseach é.

Zsuzsanna Jakab
Stiúrthóir an ECDC



ECDC Ceanncheathrú Tomteboda

# Réamhrá

Bunaíodh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) sa bhliain 2005 chun sláinte shaoránaigh an Aontais Eorpaigh (AE) a chosaint ó ghalair thógálacha. Feidhmíonn sé mar lárionad faisnéise, eolais agus gníomhaíochta chun tacú le hinstitiúidí agus le tíortha uile an AE agus chun iad a neartú ina gcuid oibre maidir le galair thógálacha a aithint, a chosc agus a rialú.

Chun é seo a dhéanamh, tá cur chuige solúbtha glactha ag an ECDC, bunaithe ar spriocanna, don tréimhse 2007–2013. Cuireann an cur chuige seo, atá leagtha amach sa phaipéar seo, ar chumas an ECDC a chuid gníomhaíochtaí a dhíriú go héifeachtúil, agus a n-éifeachtúlacht a thomhas. Ceadóidh sé freisin don ECDC a chuid oibre a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua ag teacht chun tosaigh, chomh maith le heolas agus modhanna nua eolaíocha a ghlacadh.

Maidir le galair thógálacha, tugann an ECDC aird ar fhorbairtí ar fud an domhain a fhéadfadh a bheith baolach, agus baineann sé úsáid as acmhainní ar bith atá riachtanach ina leith seo. Ós gníomhaireacht nua an ECDC, ámh, tá sé ag cur lena chuid feidhmeanna agus gníomhaíochtaí féin laistigh den AE sula nglacfaidh sé páirt níos gníomhaí go rialta lasmuigh den AE, ag an leibhéal domhanda. Mar gheall air seo, beidh obair an ECDC go 2010 dírithe ar 27 tír an AE móide na trí thír eile sa Limistéar Eacnamaíoch Eorpach (LEE).[1]

Neartaíonn an ECDC a chuid comhpháirtíochtaí le Ballstáit uile an AE agus le tíortha uile an EEA trí naisc fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla a chruthú le gníomhaireachtaí eile, amhail an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Ceadaíonn sé seo do na comhpháirtithe uile eolas, taithí agus acmhainní eolaíochta a chomhroinnt.

Achoimríonn an páipéar seo eochairchodanna phlean fadtéarmach (2007–2013) straitéiseach an ECDC. Sa chéad áit, féachann sé ar bhaoil ó ghalair thógálacha san am atá thart agus sa lá atá inniu ann. Sa dara háit, féachann sé ar thosca (ar a dtugtar '*determinants*' [deitéarmanaint]) a chinneann cé chomh leochaileach is atá saoránaigh an AE maidir le galair thógálacha. Sa tríú háit, cuireann sé seacht bpríomhlimistéar oibre (spriocanna) an ECDC i láthair chomh maith leis na bearta atá i gceist ag an ECDC a dhéanamh chun na spriocanna seo a bhaint amach.[2]



1. An Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua.
2. D'fhoilsigh an ECDC a chéad *Strategic Multi-Annual Programme*, [Clár Straitéiseach Ilbhliantúil] don tréimhse 2007–2013, sa bhliain 2007. Tá an doiciméad iomlán le fáil ag www.ecdc.europa.eu



# Bagairtí ó ghalair thógálacha

Bhí tionchar ollmhór ag galair thógálacha ar shláinte an duine anuas trí ré na staire. Síltear, mar shampla, gur tháinig 50 milliún bás san Eoraip ón bPlá Mhór sa bhliain 1348 — idir 30% agus 60% de dhaonra iomlán na hEorpa ag an am sin.

Chonacthas feabhsuithe móra sa 20ú céad maidir le galair thógálacha a chosc agus maidir le cóireáil ina n-aghaidh, amhail antaibheathaigh agus vacsaíní. Mar thoradh ar fheabhsuithe ar vacsaíní, laghdaíodh go mór nó díothaíodh roinnt galar (e.g. ionfhabhtuithe óige, polaimiailítis, bolgach). Mar thoradh ar an dul chun cinn maidir le sláinteachas poiblí agus pearsanta i dtíortha an AE agus an EEA, is beag nach leis an am atá thart amháin anois a bhaineann galair amhail calar, tíofóideach, agus ionfhabhtuithe breithe.

Ach níl na sochair seo leata go cothrom ar fud na tíortha go léir — agus laistigh de thíortha tá grúpaí áirithe daoine fós nár bhain leas as na feabhsuithe seo. Agus tá bagairtí nua ag teacht chun solais an t-am ar fad. Tá go leor de na feabhsuithe sláinte atá déanta go dtí seo á chur i mbaol ag slite maireachtála atá ag athrú (e.g. tuilleadh taistil dhomhanda, oll-lónadóireacht, an margadh bia domhanda, ró-úsáid antaibheathach, iompar gnéasach atá ag athrú) agus ag an athrú comhshaoil.



# Tosca a mhúnlaíonn an baol san AE i láthair na huaire ó ghalair tógálacha

## Deitéarmanaint

Is fairsing an raon galar tógálach atá bagrach do shaoránaigh an AE.[3] Tá raon tosca dá ngairtear 'deitéarmanaint' a bhfuil tionchar acu ar an mbaol go ndéanfaí na galair seo a tholgadh. Liostaítear roinnt de dheitéarmanaint na ngalar tógálach sa bhosca thíos.

Tá sé riachtanach deitéarmanaint ghalair a thuiscint d'fhonn a fháil amach cad é an tslí is fearr chun an galar a chosc agus a rialú.

## Comhordú

Tá go leor institiúidí agus tíortha san AE ar chóir iad a bheith páirteach sa chogadh in aghaidh galar tógálach. Tá seirbhís sláinte dá chuid féin ag gach Ballstát, agus níl aon dá cheann acu eagraithe ar an dóigh chéanna. Ceann de na dúshláin is mó don ECDC ná cur le cumas institiúidí agus Bhallstáit uile an AE comhoibriú lena chéile. Is amhlaidh d'earnálacha agus d'eagraíochtaí difriúla na seirbhíse poiblí: mar shampla, thaispeáin an ráig den fhliú éanúil an gá atá le comhoibriú idir eagraíochtaí um thalmhaíocht, um shláinte, um fhiadhúlra agus um shábháilteacht bhia.

## Cosc

Dúshlán eile ná, de réir mar a laghdaíonn an baol ó ghalair áirithe, nach bhfeiceann daoine chomh tábhachtach is atá sé leanúint ar aghaidh leis an obair maidir le cosc. Is amhlaidh a tharla, mar shampla, maidir le galair thógálacha óige áirithe, amhail bruitíneach agus plucamas. De réir mar atá níos mó daoine ag socrú nach vacsaíneofar a gcuid leanaí in aghaidh na ngalar seo, tá na galair ag filleadh. Maidir le roinnt mhaith de na galair a bhfuil baol ann go dtabharfar isteach arís iad ar an dóigh seo, tá siad an-díobhálach do leanaí agus d'aosaigh óga.



3. I mí an Mheithimh 2007 d'fhoilsigh an ECDC a *Annual Epidemiological Report on Communicable Diseases in Europe* [Tuarascáil Eipidéimeolaíoch Bhliantúil ar Ghalair Theagmhálacha san Eoraip]. Is é seo an chéad anailís iomlán riamh ar an mbagairt ó ghalair thógálacha san Eoraip. Is féidir é a íoslódáil ag www.ecdc.europa.eu/pdf nó a ordú ó publications@ecdc.europa.eu.

## Roinnt de Dheitéarmanaint na nGalar Tógálach san Eoraip

**Daonraí atá ag athrú:** is ag méadú atá an céatadán de dhaoine aosta, a d'fhéadfadh gan iad a bheith ábalta galair a chur díobh go rómhaith; tá imirce agus taisteal idirnáisiúnta ag tarlú ar scála suntasach, rud ar féidir leis deiseanna a thabhairt do ghalair thógálacha leathnú; agus as tuilleadh cathraithe tiocfaidh limistéir lárchathrach níos boichte, plódú agus baol níos airde ó ghalair thógálacha.

**Dálaí Sóisialta:** is mó an baol ó ghalair áirithe do dhaoine bochta, do dhaoine dífhostaithe, agus do dhaoine nach bhfuil tithíocht den chineál ceart acu. D'fhéadfadh neamhionannas sóisialta méadú sa todhchaí, rud a chiallódh baol níos mó do ghrúpaí breise ó ghalair thógálacha áirithe.

**Stíleanna maireachtála:** ó thurasóireacht bhreise agus ó thaisteal gnó breise tagann méadú ar an mbaol go n-iompórtálfar galair; is baol mór an 'gnéas míshábháilte' maidir le Ionfhabhtuithe ghnéas-tarchurtha (IGTanna) agus VEID (HIV), atá ag fás go han-tapa i gcodanna áirithe den Eoraip; tá an mhí-úsáid drugaí ina baol mór maidir le heipitíteas, VEID, IGTanna agus ionfhabhtuithe seipteacha; agus as athruithe ar iompar tomhaltóirí, tá tuilleadh ionfhabhtuithe ag teacht a bhaineann le bia.

**An timpealleacht fhisiceach, teicneolaíocht & trádáil:** de dheasca an téimh dhomhanda, luathóidh na hathruithe comhshaoil, éiceolaíocha agus aeráide (ar féidir leo dul i gcion ar ghalair thógálacha áirithe); ó fheabhsuithe teicneolaíocha tháinig laghdú ar ghalair áirithe (e.g. calar), ach tháinig méadú ar ghalair eile (e.g. galar na Léigiúnach); ó mhodhanna táirgeachta nua-aimseartha agus ón mhargadh bia domhanda, is féidir go dtiocfaidh ráigeanna móra de ghalair bhia-iompartha atá deacair a rialú, de réir mar a iompraítear bia timpeall an domhain agus mar a stóráiltear é uaireanta ar feadh tréimhse fada.

## Fionnachtana nua

Tá sé taispeáinte ag eolas nua ar leigheas go bhfuil riochtaí sláinte áirithe (e.g. ailse, othrais) ceangailte le galair thógálacha. Mar shampla, síltear anois go bhféadfadh bunús tógálach a bheith ag suas le 20-25% den uile ailse. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh gairmithe sláinte ó dhisciplíní éagsúla comhoibriú níos dlúithe lena chéile.

## Eacnamaíocht

Tá tionchar ollmhór eacnamaíoch ag galair thógálacha ar thíortha an AE. Cé nach ndearnadh staidéir ar bith ar na costais um ghalair thógálacha a bhaineann don AE ina iomláine, rinneadh staidéir ar thíortha aonair. Mar shampla, maidir le cóireáil i gcoinne galar tógálach i Sasana, cosnaíonn sí thart ar £6 billiún an bhliain don UK National Health Service; d'fhéadfadh gur chosain an ráig de SARS sa bhliain 2003 thart ar 1% dá nOlltáirgeacht Náisiúnta don tSín agus do Cheanada; chosain an einceifileapaite spúinseach bhólachta (BSE) sa Ríocht Aontaithe sa bhliain 1995 gar do EUR 6 billiún. Cé go bhfuil gá lena thuilleadh fianaise um thionchair eacnamaíocha na ngalar tógálach, is soiléir go bhfuil siad ollmhór.



*ECDC Bhord Bainistíochta*

# Spriocanna agus Bearta - Plean Straitéiseach an ECDC do 2007-2013[4]

Forbraíodh plean fadtéarmach straitéiseach an ECDC chun fócas a thabhairt dá chuid oibre go léir. Déantar gach plean oibre bliantúil a bhunú ar spriocanna fadtéarmacha agus a ailíniú leo gach bliain. Roghnaíodh ábhar an phlean i gcomhréir leis an airgeadas is dóigh leis an ECDC a bheidh ar fáil. Tá an plean roinnte in dhá thréimhse:

Sa chéad tréimhse, 2007–2009, díríonn an ECDC ar a chuid feidhmeanna agus gníomhachtaí bunúsacha féin a fhorbairt, agus ar dhlúthchaidreamh a chruthú leis an AE agus na Ballstáit, agus le comhpháirtithe eile (e.g. an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO)). Díríonn sé ar fheidhmeanna um shláinte phoiblí a fhorbairt ar fud an AE agus na mBallstát (e.g. faireachas, gairmithe sláinte a oiliúint, eolas mar gheall ar ghalair thógálacha a chosc agus a rialú). Oibríonn an ECDC freisin ar 'uirlisí' bunúsacha a fhorbairt d'obair eolaíoch, amhail bunachair shonraí, líonraí agus modhanna eolaíocha. Is iad na galair dá dtugtar tús áite sa tréimhse oibre seo ná an fliú, VEID agus an siondróm easpa imdhíonachta faighte (SEIF), eitinn, galair is féidir le vacsaíní a chosc (go háirithe bruitíneach agus 'galair óige' eile dá leithéid[5]), agus ionfhabhtuithe in ospidéil agus i gclinicí.

Sa dara tréimhse, 2010–2013, cuirfidh an ECDC leis an fócas ar ghalair faoi leith a chomhrac. Cuirfidh sé seo san áireamh bunachar sonraí a fhorbairt d'fhianaise faoi na slite is éifeachtúla chun galair áirithe a chosc agus a rialú; féachaint ar a 'ndeitéarmanaint'; agus iarracht a dhéanamh a fháil amach cad iad na tionchair dhóchúla a bheidh acu (faoi láthair agus sa todhchaí). Sa dara tréimhse seo b'fhéidir go mbeadh gá leis na tosaíochtaí a choigeartú, má bhíonn sé soiléir ó thaithí an ECDC sa chéad tréimhse go bhfuil sé seo riachtanach.



4. Baineann an chéad *Strategic Multi-Annual Programme* [Clár Straitéiseach Ilbhliantúil] seo leis an tréimhse 2007–2013. Tá sé i gcomhréir leis an *Second Programme of Community Action in the Field of Healt*h (2007–2013) [an Dara Clár Gníomhaíochta de chuid an Chomhphobail i Réimse na Sláinte] de chuid an AE. Tá sé i gcomhréir freisin le beartas reatha an AE agus leis na tosaíochtaí um shláinte phoiblí.
5. Tá beartas ag gach tír Eorpach maidir le leanaí a vacsaíniú in aghaidh galar tógálach amhail bruitíneach, plucamas, bruitíneach dhearg, diftéire, triuch, etc. Ní mór a nótáil, ámh, gur féidir le haosaigh na galair seo a tholgadh freisin, go háirithe murar vacsaíníodh iad ina n-aghaidh nuair a bhí siad óg.



*ECDC saineolaithe ar misean allamuigh*

## Cur Chuige 'Spriocdhírithe' an ECDC

Roinneadh an obair sa *Strategic Multi-Annual Programme* [Clár Straitéiseach Ilbhliantúil] i seacht limistéar sprice. Baineann roinnt gníomhaíochtaí le gach sprioc freisin, agus tá sé i gceist ag an ECDC iad a chur i ngnímh chun an sprioc a bhaint amach.

Shocraigh an ECDC an cur chuige seo a úsáid, ag baint úsáide as spriocanna solúbtha le torthaí sonraithe, ar roinnt cúiseanna.

Má shonraítear spriocanna:

- Bíonn sé furasta a fheiceáil cad a bhíonn an ECDC ag iarraidh a bhaint amach agus conas a bhíonn sé i gceist acu é a bhaint amach.
- Is féidir torthaí a thomhas, ionas go mbíonn sé furasta a fheiceáil cé acu ar baineadh amach an sprioc nó nár baineadh.
- Tugtar plean soiléir don ECDC agus do na daoine a bhíonn ag obair leis, plean a mhionsonraíonn cad is gá a dhéanamh.
- Maidir leis na daoine atá freagrach as na spriocanna a bhaint amach, cuirtear iallach orthu smaoineamh ar shlite difriúla chun na torthaí a chur ar fáil.
- Cuirtear feabhas ar an smaointeoireacht eolaíoch trí dhaoine a spreagadh chun a dhéanamh amach cá bhfuilimid anois, cad is mian linn a bhaint amach, agus conas is féidir linn é a dhéanamh.
- Is féidir na spriocanna a chur in oiriúint de réir mar a théann an obair ar aghaidh, agus mar a thagann feabhas ar an bhfianaise agus ar an eolas eolaíoch.

I mBéarla amháin atá na spriocanna agus na gníomhaíochtaí ar fáil ar shuíomh Idirlín an ECDC. Is é a leanas anseo ná forbhreathnú gearr ar gach sprioc, agus na fáthanna gur roghnaíodh é. Féachann an forbhreathnú seo freisin ar roinnt de na bearta is tábhachtaí atá á ndéanamh ag an ECDC chun an sprioc a bhaint amach.

Tá na limistéir sprice roinnte i dtrí ghrúpa, a léiríonn príomhobair an ECDC maidir le cruthú eolais, feidhmeanna um shláinte phoiblí a neartú, agus forbairt comhpháirtíochta.

# Grúpa 1

## Cruthú eolais

Níl ach sprioc amháin sa ghrúpa seo.

**Tá Sprioc 1 dírithe ar eolas a fhorbairt** chun na 55 galar tógálach nó níos mó (féach bosca 2) a ndéanann an ECDC monatóireacht ghníomhach orthu a chosc agus a rialú. Roinntear na galair seo i dtrí ghrúpa, ar bhonn dheitéarmanaint na ngalar. Faoi láthair áiríonn na grúpaí seo:

- Ionfhabhtuithe ghnéas-tarchurtha (IGTanna), lena n-áirítear VEID/SEIF agus víris fhuil-iompartha (amhail heipitíteas);
- Géarionfhabhtuithe sa chonair riospráide;
- Galair a iompraítear i mbia agus in uisce agus zóinóisí;
- Galair nua agus veicteoir-iompartha;
- Galair inchoiscthe trí vacsíniú; agus
- Frithsheasmhacht ar ábhar frithmhicróbach agus ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte.

Aithníonn an sprioc seo ceithre limistéar gníomhaíochta, agus deir sé go mbeidh eolas eolaíoch an ECDC méadaithe go mór faoi 2013 i ngach limistéar acu.

Sa chéad limistéar gníomhaíochta tá an fócas ar eolas a mhéadú, eolas a bhaineann le tionchair shláinte, gheilleagracha agus shóisialta na ngalar tógálach seo ar dhaoine agus ar shochaithe. Tá bearnaí móra ann maidir le hiontaofacht agus le hiomláine na sonraí reatha sa limistéar seo. D'fhonn pleanáil a dhéanamh agus bearta a chur in ord tosaíochta, caithfear tabhairt faoi na bearnaí seo a líonadh. Mar shampla, is beag atá ar eolas faoi thionchar geilleagrach na ngalar tógálach agus faoina dtionchair éagsúla i limistéir gheografacha éagsúla agus i measc grúpaí éagsúla sa daonra.

Baineann an dara limistéar le tuiscint eolaíoch ar 'dheitéarmanaint' na ngalar aonair. Is iomaí toisc a bhfuil tionchar aici ar theacht chun cinn agus ar leathnú na ngalar éagsúil agus ar ché chomh tógálach is atá siad (i.e. deitéarmanaint). Ar na tosca bitheolaíocha tá an gníomhaí galair, frithsheasmhacht antaibheathach, géineolaíocht, aois, bealach an leathnaithe (aer, bia, uisce, feithidí, etc.). Bíonn tionchar ar na tosca seo ansan ag tosca eile den chineál sóisialta, geilleagrach agus comhshaoil, amhail caighdeán tithíochta, uisce, aer, bia, taisteal, teacht ar sheirbhísí um chúram sláinte, agus athruithe domhanda aeráide agus comhshaoil. Is gá a thuilleadh a bheith ar eolas faoi ché hiad na deitéarmanaint is tábhachtaí agus faoi chonas a bhíonn siad ag idirghníomhú. Cabhróidh eolas dá leithéid leis an iarracht teacht ar na slite is fearr chun tionchair gach deitéarmanaint a laghdú.

Baineann an tríú limistéar le fianaise eolaíoch maidir leis na slite is fearr chun galair thógálacha aonair a chosc agus a rialú. Tá go leor modhanna ann um chosc agus um rialú, ach oibríonn cuid acu níos fearr ná a chéile, nó tá siad níos fearr ó thaobh luach ar airgead de. Tá gá le staidéir a dhéanamh chun a fháil amach cad iad na modhanna a oibríonn, agus cén fáth, agus cé mhéad a chosnaíonn siad. Tá géarghá freisin go gcuardófaí modhanna eile um chosc agus um rialú, modhanna níos fearr.

Baineann an ceathrú limistéar le cuidiú leis na Ballstáit agus iad ag dul i ngleic le galair thógálacha. Déanann an ECDC é seo trí chuidiú le tíortha chun eolas agus taithí eolaíoch a chomhroinnt. Tarraingíonn an ECDC suas freisin sraith caighdeán is féidir leis na Ballstáit a úsáid chun cur le cáilíocht na hoibre a dhéanann siad maidir le galair thógálacha. Éascaíonn an ECDE comhordú idir Ballstáit agus institiúidí de chuid an AE.



*Vacsaíniú in aghaidh an fhliú shéasúraigh*

# Galair faoi réim obair eolaíoch an ECDC

## Ionfhabhtuithe sa chonair riospráide

Fliú, eitinn, legionellosis.

### IGTanna (Ionfhabhtuithe ghnéas-tarchurtha), lena n-áirítear VEID agus víris fhuil-iompartha

Clamaidia, ionfhabhtuithe gonacocúil, heipitíteas B, heipitíteas C, VEID agus gallbholgach.

### Galair a iompraítear i mbia & in uisce agus zóinóisí

Campalabaictéaróis, cripteaspóiriodóis, ionfhabhtú *entrea-fhuilreatha Escherichia coli* (EHEC), ionfhabhtú noraivíris, salmanóis, heipitíteas A agus E, listéaróis, botalas, brúsalóis, galar Creutzfeldt-Jakob agus cineálacha eile de einceifileapaite spúinseach in-tarchurtha (TSE), sigealóis, tocsaplasmóis, tricíonóis agus *yersinióis*, antrasc, calar, túlairéime, eicíonócocóis, giairdiáis, leiptispioróis.

### Galair nua agus veicteoir-iompartha

Maláire, fiabhras-Q, fiabhras Chikungunya, fiabhrais *hanta*, *dengue* fiabhras buí, fiabhras na Níle Thiar, *borrelióis*, einceifilíteas sceartán-iompartha (TBE), plá, géarshiondróm trom riospráide (SARS), bolgach, fiabhrais fhuilreatha víreasacha, galair eile/galair atá ag teacht chun cinn ar chúis anaithnid.

### Galair inchoiscthe trí vacsíniú

Haemophilus influenzae cineál B, bruitíneach, galar meiningeacocúil, plucamas, triuch, bruitíneach dhearg, ionfhabhtuithe niúmacocúla (ionracha), diftéire, teiteanas, polaimiailíteas, confadh, ionfhabhtú rótaivíris, varicella, papillomaivíreas ginitiúil daonna (HPV).

### Frithsheasmhacht ar ábhar frithmhicróbach agus ionfhabhtuithe bainteach leis an gcúram sláinte

Ionfhabhtuithe nosacómacha, cineálacha pataigine le frithsheasmhacht fhrithmhicróbach.

# Grúpa 2

## Ag neartú feidhmeanna um shláinte phoiblí

Tá an dara grúpa spriocanna dírithe ar fhorbairt fheidhmeanna um shláinte phoiblí—feidhmeanna agus cleachtais oibre a chruthú nuair is gá, feidhmeanna agus institiúidí atá ann cheana a cheangal, líonraí nua a bhunú. Beidh tús áite ag an obair seo sa chéad tréimhse den Chlár, toisc go bhfuil seirbhísí láidre um shláinte phoiblí riachtanach le haghaidh bearta eile. Tá seirbhísí agus feidhmeanna láidre um shláinte phoiblí riachtanach, mar shampla, chun go mbeadh rath ar an obair atá leagtha amach i Sprioc 1, ag plé le galair thógálacha aonair.

Tá sé sprioc sa ghrúpa seo, a áiríonn faireachas, tacaíocht eolaíoch, bheith ullamh do ráigeanna de ghalair thógálacha agus déileáil leo, oiliúint, agus cumarsáid maidir le galair thógálacha.

**Pléann Sprioc 2 le faireachas**—is é seo an próiseas ina gcoimeádtar súil ar ghalair thógálacha ar fud na hEorpa, agus ar fud an domhain, chun a chur ar chumas institiúidí an AE agus ar chumas na mBallstát gníomhú go héifeachtúil chun a gcuid saoránach a chosaint. Féachann sé ar ghréasáin ghalair atá ag athrú, ar ráigeanna de ghalair, ar athruithe ar ghalair atá ann cheana, etc.

Tá go leor institiúidí agus tíortha atá ag déanamh faireachais faoi láthair ar fud na hEorpa. D'fhorbair gach aon cheann acu a shlí féin chun rudaí a dhéanamh, agus bailíonn sé faisnéis éagsúil (sonraí), ar shlí éagsúil. Agus níl na sonraí go léir a bhailítear ar an gcaighdeán céanna. Dá dheasca san tá sé deacair na sonraí ar fad a chur le chéile chun aon phictiúr mór amháin a chruthú den mhéid atá ag tarlú. Tá an fhreagracht á glacadh chuige féin ag an ECDC as an bhfaireachas go léir ar ghalair thógálacha san AE sna blianta amach romhainn. Tá sé i gceist aige a áirithiú gur féidir na líonraí, bunachair shonraí, slite oibre, etc éagsúla go léir a eagrú agus a chomhordú ionas go gcuirfear sonraí ar fáil a bheidh ceart agus úsáideach. I gcomhar le Coimisiún na hEorpa, comhordaíonn an ECDC próiseas atá dírithe ar ghalair a chur in ord tosaíochta chun súil a choimeád ar an liosta agus chun a áirithiú go n-athbhreithnítear é go rialta. Tugtar aird ar leith ar a áirithiú go n-aithnítear na comharthaí rabhaidh luatha um eipidéim nó um ghalar nua (nó um athruithe ar iompar galair). Mar chríoch, tá an ECDC ag áirithiú go gcuirtear an méid ceart faisnéise ar fáil do na daoine agus do na hinstitiúidí a mbíonn gá acu leis, ag an am ceart, agus chomh mionchruinn agus is cuí.

**Cumhdaíonn Sprioc 3 eolaíocht agus réamhaisnéis**, ag féachaint do bhagairtí ó ghalair thógálacha, etc sa todhchaí. Cé go bhfuil go leor de thaighde eolaíoch agus d'obair eile ar siúl san AE, tá sé ar siúl ar fud institiúidí agus Ballstát éagsúla. Déanann an ECDC níos éasca do gach duine a c(h)uid oibre agus eolais a mhalartú agus a chomhordú. Rinneadh go leor oibre sa tsaotharlann, ag féachaint ar na nithe is cúis le galair thógálacha, ar chonas a leathnaíonn siad, ar chonas is féidir cóireáil ina n-aghaidh, etc. Tá sé i gceist ag an ECDC a thuilleadh taighde a spreagadh taobh amuigh den tsaotharlann, ag féachaint do na slite is fearr chun galair thógálacha a chosc agus a rialú. Agus caithfear na torthaí ó obair dá leithéid a chur ar fáil do gach uile Bhallstát agus institiúid den AE a bhfuil gá aige/aici leo. Chun go mbeadh sé seo indéanta, déanann an ECDC iar-



*Teaghlach le páiste a vacsaíníodh ag ionad péidiatraiceach um vaicsíniú, Stócólm, an tSualainn 2008*

racht feabhas a chur ar mhodhanna agus ar fhianaise um thaighde eolaíoch, agus tugann sé a thuilleadh tacaíochta do shaotharlanna um shláinte phoiblí ar fud na hEorpa. Feidhmíonn an ECDC mar lárionad d'eolas, do thaighde agus do chomhairle eolaíoch. Cuireann sé staidéir ar bun freisin i limistéir ina bhfuil a thuilleadh eolais ag teastáil, agus eisíonn sé treoirlínte maidir le taighde eolaíoch.

**Cumhdaíonn Sprioc 4 bagairtí ó ghalair thógálacha**—iad a aithint, ullmhú le haghaidh ráigeanna féideartha de ghalair thógálacha, agus saoránaigh an AE a chosaint orthu. Cumhdaíonn sé ráigeanna de ghalair thógálacha a imscrúdú agus a rialú a fhéadfadh tionchar a bheith acu ar thíortha éagsúla san AE. Tugtar aird ar leith ar aimsiú agus ar fhíorú maidir le comharthaí rabhaidh luatha a thionscnaíonn áit ar bith agus a chiallódh go raibh eipidéim nua de ghalar tógálach ag tosú, amhail an géarshiondróm trom riospráide (SARS) sa bhliain 2003 nó víreas fliú nua a bheadh ina údar paindéime.

Tá go leor institiúidí éagsúla den AE agus institiúidí sláinte poiblí éagsúla de chuid na mBallstát gafa leis an gcomhrac in aghaidh na ngalar tógálach, agus oibríonn siad go léir i slite éagsúla. Cuidíonn an ECDC le comhordú na n-institiúidí éagsúla seo go léir, ionas go mbíonn an t-aimsiú agus an fhreagairt maidir le ráigeanna de ghalair thógálacha níos córasaí agus níos éifeachtaí. Táthar ag glacadh modhanna nua foghlama maidir le ráigeanna, amhail an t-Idirlíon agus teicneolaíocht faisnéise den chuid is nua-aimseartha. Bhunaigh an ECDC córas luathrabhaidh éifeachtach, agus tacaíonn sé le hinstitiúidí an AE agus na mBallstát maidir le ráigeanna de ghalar a aimsiú.

Tairgeann an ECDC comhairle agus cuidiú do Bhallstáit agus d'institiúidí an AE agus iad ag plé le ráigeanna ar bith de ghalair thógálacha, agus ag pleanáil maidir le ráigeanna féideartha sa todhchaí. Eagraíonn sé foirne saineolaithe a sheoltar allamuigh chun tacú le gníomhachtaí maidir le himscrúdú agus le rialú ní hamháin san AE, ach go hidirnáisiúnta freisin nuair a iarrtar é.

**Cumhdaíonn Sprioc 5 oiliúint.** Tá stair éagsúil ag gach Ballstát, agus cur chuige éagsúil ag déileáil le galair thógálacha a chosc agus a rialú, agus le ráigeanna. Tá sé léirithe ag bagairtí nua ó ghalair thógálacha, ámh, go bhfuil gá le beart níos comhordaithe. Tugann an oiliúint an deis do dhaoine taithí a chomhroinnt, agus do dhaoine ó institiúidí agus ó sheirbhísí poiblí éagsúla caint lena chéile agus a fháil amach cén pháirt a bhíonn ag gach duine acu sa comhrac in aghaidh na ngalar tógálach.

Tá an *European Programme for Intervention Epidemiology Training* (EPIET) [an Clár Eorpach um Oiliúint san Eipidéimeolaíocht Idirghabhála] á chomhordú ag an ECDC. Faoi láthair, cláraítear idir 16 agus 20 comhalta gach bliain sa chlár dhá bhliana, agus lonnaítear iad in institiúid náisiúnta um fhaireachas sláinte poiblí i mBallstáit eile. Le linn a gcuairte dhá bhliana, faigheann siad oiliúint ó eipidéimeolaí sinsearach, agus eipidéimeolaíocht allamuigh á cleachtadh acu i staideanna nithiúla, agus taithí luachmhar á fháil acu dá réir sin.



*ECDC seastán eolais*

Lena chois sin, cuidíonn an ECDC maidir le cláir ghearra oiliúna a fhorbairt d'fhonn cabhrú le tíortha an AE chun a gcumas acmhainní daonna a neartú. Chuige seo nasctar institiúidí oiliúna le chéile.

**Cumhdaíonn Sprioc 6 cumarsáid maidir le galair thógálacha.** Deir an sprioc seo gur chóir go mbeadh an ECDC ar an bpríomhfhoinse eolais faoi ghalair thógálacha ag leibhéal na hEorpa faoi 2013. Ba chóir freisin don ECDC tacú le gníomhaíochtaí náisiúnta cumarsáide um shláinte agus a bheith ina lárionad saineolais um dheachleachtas maidir le cumarsáid um baol éigeandála.

Tá dhá lucht éisteachta sprice phríomha ann maidir le cumarsáid ón ECDC: saineolaithe ar shláinte phoiblí (lena n-áirítear saineolaithe in údaráis náisiúnta agus i bpobal níos leithne na sláinte poiblí), agus an pobal i gcoitinne (na meáin ag feidhmiú mar cheann de na príomhbhealaí eolais chuig an bpobal). Cuirfidh an ECDC eolas difriúil ar fáil don dá lucht éisteachta, ag úsáid na modhanna agus na bealaí cumarsáide is oiriúnaí atá ar fáil dó.


I gcás saineolaithe ar shláinte phoiblí, déanann an ECDC cumarsáid trí chruinnithe agus trí chomhdhálacha eolaíochta tábhachtacha. Ar an Idirlíon, foilsíonn sé eolas eolaíoch ar ghalair thógálacha. Cuimsíonn sé seo sonraí ar mhinicíocht na ngalar tógálach, bileoga fíricí, measúnaithe priacail, nuacht maidir le ráigeanna, agus tuairiscí ar shaincheisteanna a bhaineann le galar a chosc agus a rialú. Feidhmíonn an ECDC mar acmhainn lárnach maidir le heolas eolaíoch agus le heolas faoi ghalair thógálacha. Nascann an ECDC freisin le suíomhanna Idirlín náisiúnta agus de chuid an AE ar mhaithe le heolas a chomhroinnt níos éifeachtaí. Is é sprioc an ECDC ná é a dhéanamh níos éasca do shaineolaithe ar shláinte phoiblí an t-eolas atá de dhíth orthu a fháil faoi ghné ar bith de ghalair thógálacha.

Maidir leis an bpobal i gcoitinne agus na meáin, aithníonn an ECDC an gá atá acu le heolas atá iontaofa agus cruinn araon. Nuair a tharlaíonn ráig de ghalar, teastóidh ón bpobal i gcoitinne agus ó na meáin go gcuirfear an t-eolas seo ar fáil go tapa. Is gá go bhfeidhmeodh na húdaráis sláinte go hoscailte macánta maidir leis na luchtanna éisteachta seo ionas go mbeidh muinín acu astu.

Is féidir leis an ECDC tacú le gníomhaíochta cumarsáide sláinte de chuid na mBallstát trí shainoiliúint a sholáthar ar thopaicí amhail cumarsáid a dhéanamh le linn éigeandálaí sláinte. Is féidir leis an ECDC feisteáin uirlisí a fhorbairt chun cuidiú leis na Ballstáit cumarsáid a dhéanamh ar shaintopaicí, agus is féidir leis fiú tacú le comhfheachtais. Cuidíonn an ECDC leis na Ballstáit eolas a chomhroinnt le comhlachtaí de chuid an AE agus lena chéile, agus le comhlínte a fhorbairt chuig na meáin nuair is cuí sin. Is féidir leis freisin oifigigh náisiúnta, tuairisceoiri agus eagarthóirí a nascadh ionas gur féidir taithí agus eolas a chomhroinnt.

# Comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus a chothabháil

**Sprioc** amháin, **Sprioc 7** atá sa ghrúpa seo**, a chumhdaíonn comhoibriú agus cruthú comhpháirtíochtaí.** Tá ceangal idir go leor de 'dheitéarmanaint' na ngalar tógálach agus earnálacha eile, amhail tithíocht, sábháilteacht bhia, talmhaíocht, nó gníomhaireachtaí comhshaoil. Caithfidh gach duine comhoibriú i gcoinne na mbagairtí ó ghalair thógálacha. Ní féidir le duine ar bith é a dhéanamh ina (h)aonar. Cé gur féidir go bhfuil fadhbanna dá gcuid féin ag tíortha, beidh tíortha le fadhbanna cosúla ann a bheidh ábalta eolas agus taithí a chomhroinnt. De réir mar a thosaíonn an ECDC ag féachaint ar ghalair thógálacha ar fud an domhain, beidh air oibriú freisin le raon níos fairsinge d'institiúidí atá ag oibriú ag an leibhéal domhanda freisin.



*ECDC comhpháirtithe*



# Conclúid

De réir mar a théann na bagairtí ó ghalair thógálacha i méid, táthar ag súil go gcuideoidh an *Strategic Multi-Annual Programme* [Clár Straitéiseach Ilbhliantúil] seo leis an ECDC chun treoir a thabhairt don AE agus do na Ballstáit ina gcuid oibre maidir le sláinte na saoránach a chosaint. Tá an Clár solúbtha go leor chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a d'fhéadfadh teacht sa todhchaí. Ceadaíonn na spriocanna monatóireacht a dhéanamh go héasca ar ascnamh agus ar ghnóthachtálacha an ECDC, agus áirithíonn siad freisin go ndéanfar an uile rud a mbíonn gá leis. Tá dóchas ann freisin go spreagfaidh an Clár seo foireann an ECDC agus a chomhpháirtithe agus go mbeidh sé in threoir dheimhneach dóibh sa chogadh i gcoinne na ngalar tógálach.

Conas teacht ar fhoilseacháin de chuid an AE

Tá fhoilseacháin den Oifig Foilseacháin ar gá airgead a thabhairt orthu ar fáil Ó Shiopa Leabhar an AE (http://bookshop.europa.eu), suíomh inar féidir leat ordÚ a dhéanamh le pé oifig díolacháin is mian leat.

Is féidir liosta den ár lionra d'oibrítheoiri díolacháin ar fud an domhain a iarraidh tri facs a chur chuig +352 2929-42758

ISBN 978-92-9193-133-0

**Conas teagmháil le ECDC**

Seoladh cuairte: Tomtebodavägen 11 A
17183 Stócólm, An tSualainn
Fón: +46 8 5860 1000
Facs: +46 8 5860 1001
Suíomh Idirlín: http://www.ecdc.europa.eu
R-phost: info@ecdc.europa.eu

Seoladh poist:
ECDC – An Lárionad Eorpach um
Ghalair a Chosc agus a Rialú
171 83 Stócólm, An tSualainn



Oifig Foilseachán

Tá an bróisiúr ar fáil sna teangacha seo a leanas:

Béarla, Danmhairgis, Eastóinis, Fionlainnis, Fraincis, Gaeilge, Gearmáinis, Gréigis, Iodáilis, Ioruais, Íoslainnis, Laitvis, Liotuáinis, Máltais, Ollainnis, Polainnis, Portaingéilis, Seicis, Slóivéinis, Slóvacais, Spáinnis, Sualainnis, Ungáiris

TQ-81-08-456-GA-C